Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**14986/23**

**CDR 175**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar cúigear comhaltaí agus seisear comhaltaí malartacha, arna moladh ag Ríocht na hÍsiltíre, de Choiste na Réigiún<br>– Glacadh |

1. I litreacha dar dáta an 12 Iúil 2023[1], an 13 Iúil 2023[2] agus an 28 Iúil 2023[3], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis na sainorduithe náisiúnta ar dá mbun a moladh Michiel Alexander RIJSBERMAN, Tjisse STELPSTRA, Yde Johan VAN HIJUM agus Ilse ZAAL, comhaltaí de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus a ceapadh iad. Ina theannta sin, tháinig deireadh leis an sainordú náisiúnta ar ar a bhonn a moladh Johan HAMSTER a cheapadh agus ar ceapadh é.

[1] 12172/23.
[2] 11891/23.
[3] 12249/23 agus 12250/23.

2. I litir dar dáta an 11 Bealtaine 2023[4], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh Maarten VAN GAANS-GIJBELS, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, ag éirí as oifig. I litreacha dar dáta an 4 Iúil 2023[5], an 12 Iúil 2023[6], 28 Iúil 2023[7] agus an 8 Meán Fómhair 2023[8], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis na sainorduithe náisiúnta ar dá mbun a moladh Jeannette Nicole BALJEU, Johannes Cornelius Gerardus Maria (John) BERENDS, Klaas FOKKINGA, Anna PIJPELINK agus Robertus Cornelis Leonardus STRIJK, comhaltaí de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus a ceapadh iad.

3. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

4. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun críoch a n-ionadaithe, mhol Rialtas na hÍsiltíre[9] na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Rang Friso DOUWSTRA, *Gedeputeerde provincie Fryslân* (Aire Réigiúnach Chúige Fryslân), Johanna Everdina MOL, *Gedeputeerde provincie Gelderland* (Aire Réigiúnach Chúige Gelderland), Willemina Roziena Catharina STERK, *Gedeputeerde provincie Zuid-Holland* (Aire Réigiúnach Chúige Zuid-Holland), Arthur Theodorus Hendrikus VAN DIJK, *Commissaris van de Koning provincie Noord-Holland* (Coimisinéir an Rí, Cúige Noord-Holland) agus Mariette Elsbeth VAN LEEUWEN, *Gedeputeerde provincie Zuid-Holland* (Aire Réigiúnach Chúige Zuid-Holland).

---

[4] 9538/23.
[5] 11542/23.
[6] 11803/23.
[7] 12248/23 + 12249/23.
[8] 12819/23.
[9] 14938/23.

5. Thairis sin, mhol rialtas na hÍsiltíre[10] na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Elisabeth Anna Maria Bernard DEMOLLIN-SCHNEIDERS, *Gedeputeerde provincie Limburg* (Aire Réigiúnach Chúige Limburg), Erwin Nico Willem HOOGLAND, *Gedeputeerde provincie Overijssel* (Aire Réigiúnach Chúige Overijssel), Jan KLOPMAN, *Gedeputeerde provincie Flevoland* (Aire Réigiúnach Chúige Flevoland), Wilfried Robert Leonia NIELEN, *Gedeputeerde provincie Zeeland* (Aire Réigiúnach Chúige Zeeland), Abraham SCHMAAL, *Gedeputeerde provincie Groningen* (Aire Réigiúnach Chúige Groningen) agus Egbert VAN DIJK, *Gedeputeerde provincie Drenthe* (Aire Réigiúnach Chúige Drenthe).

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 14976/23 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

[10] 14938/23.